



FOLÚNTAS

Is gluaiseacht náisiúnta í Glór na nGael, a bhfuil forbairt na Gaeilge sna réimsí oibre seo a leanas "Forbairt phobail, eacnamaíochta agus béim ar leith ar thógáil páistí le Gaeilge" mar spriocanna lárnacha oibre aige.

Tá Riarthóir Oifige (lánaimseartha) á lorg don ról seo a leanas;

Riarthóir Oifige

Príomhdhualgais an phoist

- Córais riarachán na hoifige a fhorbairt agus a bhainistiú
- Córas comhdaithe a fheidhmiú agus a bhainistiú
- Plé le fiosruithe ón bpobal (fón, r-phost agus postas)
- Plé le horduithe díolacháin, idir seachadta agus ceannachán stoic.
- Córas rialú stoic a fhorbairt agus a bhainistiú
- Tacaíocht a thabhairt do Bhainisteoir na gComórtas

Inniúlachtaí Riachtanacha

- Taithí ar obair riaracháin oifige
- Ardchaighdeán Gaeilge scríofa
- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha

Inniúlachtaí Inmhianaithe

- Taithí ar úsáid na nuatheicneolaíochta
- Taithí ar phróiseáil orduithe
- Taithí ar bhainistiú stoic

Scála Tuarastail:

De réir **Scála tuarastail** Oifigeach Chléireachais (Scála Caighdeánach) Ciorclán- 22/2017, Aguisín 2A

€23,107 - €38,724

Suíomh Oibre:

Beidh an Riarthóir Oifige nuacheaptha lonnaithe in **Oifig Ghlor na nGael, Ráth Chairn, Co. na Mí** agus ag feidhmiú faoi stiúir Bainisteoir na gComórtas.

Spriocdháta:

Seol litir chumhdaigh i nGaeilge mar aon le CV i nGaeilge chuig post@glornangael.ie roimh **5.00i.n., an Céadaoin 6 Feabhra 2019**. Cuirfear painéal d'iarthóirí infhostaithe/a bhfuil caighdeán sásúil bainte amach, le chéile bunaithe ar na hiarratais a chuirfear isteach ar an bpost reatha seo, a bhféadfaí tarraingt air sa chás go mbeadh folúntas eile le líonadh roimh 6 Feabhra 2020.

Samhlaítear go mbeidh na hagallaimh don ról seo ar siúl i Ráth Chairn ar an **Céadaoin 13 Feabhra 2019** in oifigí Ghlor na nGael i Ráth Chairn.

Tá tuilleadh eolais faoi Ghlor na nGael le fáil ar www.glornangael.ie agus cuir síos ar na háiseanna atá á fhorbairt ar www.udar.ie

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Ar mhaithe lenár ndualgais a chomhlíonadh faoi RGCS tá sé riachtanach dúinn cúis dleathach a bheith againn do chuid sonraí pearsanta mar a bhaineann sé le d'arratas a phróiseáil agus a stóráil.

Is cóir don iarthóir a thuiscint go bhfuil leas dlisteanach ag Glór na nGael faoi reachtaíocht fostaíochta na sonraí seo a choimeád ar feadh tréimhse bliana.

Scríosfar na sonraí pearsanta seo nuair a théann an tréimhse ama sin in éag nó i gcás iarthóir rathúil, coinnítear na sonraí pearsanta ar thaifead go dtí go gcríochnaíonn fostaíocht an fhostaí leis an eagraíocht.

Tá Glór na nGael maoinithe ag Foras na Gaeilge.



Foras na Gaeilge